

Ráitis do thuismitheoirí/caomhnóirí

Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn an dearcadh atá agat féin i ndáil le gach aon cheann de na ráitis ag seo a leanas

Ní aontaím leis Níl mé cinnte Aontaím leis

Cúlra teangeolaíochta agus cultúrtha

1. Sa scoil ina bhfuil mo leanbh, táthar feasach ar cad iad na teangacha a labhraíonn sé/sí lasmuigh den scoil agus sa bhaile

2. Tá suim acu, sa scoil ina bhfuil mo leanbh, sna teangacha atá ar eolas aige, sa tslí ar fhoghlaim sé iad agus sa mhéid eolais atá aige ar na teangacha eile sin (cumas léimh, scríofa, labhartha agus éisteachta araon)

3. Cabhraíonn an scoil le mo pháiste spéis a bheith aige sna teangacha a labhraíonn sé, agus a bheith bródúil as na teangacha sin

4. Déanann na múinteoirí sa scoil ina bhfuil mo leanbh na daltaí a spreagadh go gníomhach chun úsáid a bhaint as na teangacha atá ar eolas acu chun tacú lena bhfoghlaim

5. Sa scoil ina bhfuil mo leanbh, tá saoirse ag na daltaí a gcuid teangacha go léir a úsáid lasmuigh de cheachtanna (ag am sosa, nó sa dorchla, m.sh.)

6. Bíonn urraim léirithe do chultúr do chreideamh mo mhuintir sa scoil

7. Ní ghlactar le heachtraí/maslaí ciníocha sa scoil

8. Sa scoil ina bhfuil mo leanbh, tá na teangacha a labhraíonn na múinteoirí, na bail foirne agus na daltaí le feiceáil agus curtha ar taispeáint (m.sh. ar phóstaeir, i ngrianghraif, cairteacha 7rl.)

9. Cuireann múinteoirí san áireamh an t-eolas a bhí ag mo pháiste ar an ábhar roimhe seo (m.sh. ón teagasc scoile a fuair sé i dtír eile – is féidir an mhatamaitic a mhúineadh ar bhealaí éagsúla) agus ón taithí saoil atá aige féin (sa Tíreolaíocht, mar shampla, sa chás go raibh dalta ina chónaí i dtír ina bhfuil bolcáin, nó sa Stair, abair, sa chás go bhfuil dalta ann a thagann as tír ina raibh troid ann ar son an neamhspleáchais) chun tacú lena c(h)uid foghlama.

<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

An Intercultural Look at our Schools is an adaptation of the project "A roadmap for schools to support the language(s) of schooling" (2017-2019) of the European Centre for Modern Languages (ECML). The ECML is a Council of Europe institution promoting excellence in language education in its member states. www.ecml.at/roadmapforschools

Ráitis do thuismitheoirí/caomhnóirí

Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn an dearcadh atá agat féin i ndáil le gach aon cheann de na ráitis ag seo a leanas

Ní aontaím leis Níl mé cinnte Aontaím leis

Ag tacú leis an bhfoghlaim

10. Tugann na múinteoirí atá ag mo pháiste cabhair dó maidir leis an teanga atá riachtanach chun obair baile a dhéanamh, ionas nach mbeidh sé ag streachailt leis?

11. Sa scoil ina bhfuil mo pháiste, déantar an dul chun cinn atá déanta aige sa Bhéarla a rianú, agus cuirtear ar an eolas mé faoi conas atá ag éirí leis/léi

12. Tugann gach múinteoir aiseolas maidir leis an cumas sa scríbhneoireacht Bhéarla atá mo pháiste? scileanna (an gramadach, stór focal) chun cabhrú leis/léi dul i bhfeabhas ina n-ábhar

13. Sna téacsleabhair agus in ábhar eile a úsáidtear sa scoil ina bhfuil mo pháiste, léirítear daoine óga ó chúlraí éagsúla

14. Sa leabharlann atá sa scoil ina bhfuil mo leanbh, tá leabhair ar fáil sna teangacha difriúla a labhraíonn na daltaí

15. Téann an scoil i gcomhairle liom má bhíonn cúnamh breise ag teastáil ó mo pháiste. Braithim gur féidir liom teagmháil a dhéanamh leis an scoil má cheapaim go dteastaíonn cúnamh breise ó mo pháiste

16. Sna tuairiscí scoile, faighim tuiscint mhaith ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le mo pháiste ó thaobh cúrsaí acadúla de

17. Tá ardchaighdeán teagaisc sa scoil ina bhfuil mo pháiste

18. Déanaimse dialann mo pháiste a shíniú de réir mar a éilítear i mbeartas na scoile, agus úsáidim é chun cumarsáid a dhéanamh leis na múinteoirí

<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

An Intercultural Look at our Schools is an adaptation of the project "A roadmap for schools to support the language(s) of schooling" (2017-2019) of the European Centre for Modern Languages (ECML). The ECML is a Council of Europe institution promoting excellence in language education in its member states. www.ecml.at/roadmapforschools

Ráitis do thuismitheoirí/caomhnóirí

Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn an dearcadh atá agat féin i ndáil le gach aon cheann de na ráitis ag seo a leanas

Ní aontaím leis Níl mé cinnte Aontaím leis

Treoir agus Folláine

19. Mar gheall ar an easpa scileanna Béarla atá ag mo pháiste, fághtar nach féidir leis gach a bhfuil ar eolas aige agus a d'fhoghlaim sé a thaispeáint nuair a dhéanann sé obair baile nó obair ranga. Cuireann sé sin as go mór é
20. Bíonn mo pháiste faoi strus nuair nach féidir leis idirghníomhú lena gcomhscoláirí i mBéarla. Bíonn tionchar aige sin ar an ngaol atá aige lena chairde agus le grúpaí sóisialta
21. Tá ionchais arda ag an scoil go mbainfidh sé/sí barr a c(h)umais amach sa scoil seo, beag beann ar an gcaighdeán Béarla atá aige faoi láthair
22. Sa scoil ina bhfuil mo pháiste, táthar tuisceanach go dtógann sé am chun an Béarla a fhoghlaim agus nach bhfuil riachtanais speisialta aige/aici toisc nach labhraíonn sé/sí an teanga go maith
23. Bainfidh mo pháiste barr a chumais amach sa scoil ina bhfuil sé
24. Nuair a shroichfidh mo pháiste an tsraith shinsearach, tá muinín agam go bhfaighidh sé/sí gairmthreoir ardchaighdeán chun conair ghairme a fhorbairt nuair a fhágann sé/sí an scoil
25. Mothaíonn mo pháiste sásta agus sábháilte ar scoil,
26. Cabhraíonn an scoil le mo pháiste agus liomsa féin cinntí tábhachtacha a dhéanamh (roghanna ábhair, ardleibhéal/gnáthleibhéal, Idirbhliain, ATF)

<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

An Intercultural Look at our Schools is an adaptation of the project "A roadmap for schools to support the language(s) of schooling" (2017-2019) of the European Centre for Modern Languages (ECML). The ECML is a Council of Europe institution promoting excellence in language education in its member states. www.ecml.at/roadmapforschools

Ráitis do thuismitheoirí/caomhnóirí

Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn an dearcadh atá agat féin i ndáil le gach aon cheann de na ráitis ag seo a leanas

Ní aontaím leis Níl mé cinnte Aontaím leis

Cumarsáid leis an scoil

27. Tá a fhios ag an scoil cé chomh maith agus a labhraím Béarla agus tugann lucht na scoile cabhair liom agus mé ag idirghníomhú chun a bheith cinnte faoi go bhfuilim ar an eolas faoina bhfuil ar siúl

28. Sa scoil ina bhfuil mo leanbh, cuirtear tacaíocht ar fáil ó aistritheoirí/ateangairí nuair a dhéanaim cumarsáid leo ar cheisteanna tábhachtacha

29. Tá ionadaíocht ag thuismitheoirí ó chúraí éagsúla ar Chomhairle na dTuismitheoirí agus ar an mBord Bainistíochta

30. Léirítear an éagsúlacht atá ann ó thaobh na cúlraí cultúrtha atá ag daltaí éagsúla sa scoile sna hionadaithe atá ar Chomhairle na nDaltaí

31. Is cúis mhór struis dom freastal ar chruinnithe thuismitheoirí-múinteoirí mar gheall ar mo chuid Béarla a bheith lag

32. Is cúis mhór struis dom freastal ar chruinnithe thuismitheoirí-múinteoirí toisc nach dtuigim an córas oideachais in Éirinn

33. Sa scoil ina bhfuil mo leanbh, cuirtear doiciméid lárnacha ar fáil i dteanga a thuigim féin

34. Tá na litreacha a chuirtear abhaile chugam le síniú scríofa i mBéarla atá go deas simplí agus éasca le tuiscint

An Intercultural Look at our Schools is an adaptation of the project "A roadmap for schools to support the language(s) of schooling" (2017-2019) of the European Centre for Modern Languages (ECML). The ECML is a Council of Europe institution promoting excellence in language education in its member states. www.ecml.at/roadmapforschools